Salvador Dali i nGaillimh

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi thaispeántas i gcathair na Gaillimhe. Déan plé leis an duine in aice leat faoi bhrí na bhfocal sa chiorcal.



Iarr ar an teagascóir cuidiú libh mura bhfuil sibh cinnte.

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc agus déan iarracht na píosaí eolais sa dá cholún thíos a cheangal. Pléigh do chuid freagraí leis an duine in aice leat.

1. Tá taispeántas Salvador Dali	a. ar an 16 Nollaig 2007
2. Beidh an taispeántas críochnaithe	b. sa bhliain 1989
3. Bhásaigh Salvador Dali	c. ar chuid mhór ealaíontóirí
4. Tá an pictiúr is daoire	d. an-suim i saothar Salvador Dali
5. Bhí tionchar mór ag Salvador Dali	e. i ndánlann Uí Chionnaith, Gaillimh
6. Cuireann daoine óga	f. ag baint €14,000 amach

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo.

1. Cén áit go díreach a mbeidh an taispeántas ar siúl?
2. Cén fáth ar cháin léirmheastóirí Salvador Dali?
3. Breac síos na haidiachtaí ar fad a chloiseann tú Tom Kenny ag úsáid agus é ag déanamh cur síos ar Salvador Dali.

Ceist 4 Déan comparáid idir na habairtí seo thíos:

'*ceithre mhíle dhéag euro*' V's '*ceithre bhord déag'*

Cad iad na rialacha a bhaineann le rudaí a chuntas ó 1-10? Líon na bearnaí sa tábla seo thíos le treoir a thabhairt duit. Bain úsáid as an fhocal ***bord*** thuas.

1	2	3-6	7-10

Anois, cén fáth a bhfuil séimhiú ar an fhocal déag in abairt amháin agus níl sa cheann eile?

Ceist 5 Féach ar an fhocal seo:

'dánlann'

Nuair a chuirtear –lann ag deireadh focail de ghnáth cruthaítear an áit an mbíonn an rud sin ann, mar shampla:

- leabhar agus leabharlann (library) – an áit a gcoinnítear leabhair. Bíonn na focail seo baininscneach chomh maith nuair is áit a bhíonn i gceist. Cuir –lann leis na focail seo a leanas agus cuir an t-alt leo. Tá an chéad cheann déanta duit.

Bia	+	lann	= bialann	an bhialann
Pictiúr	+	lann	=	
saothar	+	lann	=	
Othar	+	lann	=	
Léacht	+	lann	=	

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An bhfuil aon chur amach agat ar Salvador Dali? Cad é do bharúil faoi?
An dtéann tú chuig dánlanna go minic?
Cad é an tábhacht a bhaineann leis an ealaíon sa tsochaí, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Tá an cheist seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Exhibition	**taispeántas**
Gallery	**dánlann**
To die	**básaigh**
Fame/reputation	**cáil**
Images	**íomhánna**
Critics	**léirmheastóirí**
Funny	**barrúil**
Absurd/ridiculous	**áiféiseach**
Tionchar	**influence**

Ceist 2
1 – e
2 – a
3 – b
4 – f
5 – c
6 – d

Ceist 3
1. Beidh sé ar siúl i ndánlann Uí Chionnaith i gcathair na Gaillimhe.
2. Shíl léirmheastóirí gur úsáid sé íomhánna aisteacha le haird a tharraingt air féin.
3. Barrúil, aisteach, iontach, áiféiseach

Ceist 4

1	2	3-6	7-10
bord amháin	Dhá bhord	trí bhord	Seacht mbord

Má chríochnaíonn an t-ainmfhocal le guta cuirtear séimhiú ar an fhocal déag.

Ceist 5

Bia	+	lann	= bialann	an bhialann
Pictiúr	+	lann	= pictiúrlann	an phictiúrlann
Saothar	+	lann	= saotharlann	an tsaotharlann
Othar	+	lann	= otharlann	an otharlann
Léacht	+	lann	= léachtlann	an léachtlann

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Beidh taispeántas do chuid an ealaíontóra chlúitigh Salvador Dali ar siúl i ndánlann Uí Chionnaith i gcathair na Gaillimhe go dtí an séú lá déag den mhí seo, fiche is a haon pictiúr uilig dá chuid atá ar taispeáint agus táthar ag baint idir dhá mhíle, seacht gcéad agus caoga euro agus ceithre mhíle dhéag euro an ceann amach orthu. Ba as an Spáinn Dali agus bhásaigh sé i míle, naoi gcéad, ochtó a naoi. Bhí cáil an domhain air mar gheall ar na híomhánna éagsúla a d'úsáid sé ina chuid oibre. Cháin roinnt léirmheastóirí é a chreid gur úsáid sé íomhánna ar leith chun aird a tharraingt air féin. Deirtear gur tionchar mór ag ealaíontóirí na hAthbheochana air.

Tom Kenny
Bhuel, tá seanchara linn, ón Ghearmáin (tá seisean), agus tá dánlann aige thall, agus bíonn sé ag déanamh an-chuid oibre* ar phunanna anseo thíos i gCinn Mara agus dlúthbhaint aige leis an ionad seo agus thosaigh muid ag caint lá agus dúirt sé go raibh an bailiúchán seo aige agus gur bhreá leis iad a dhíol agus dúirt mé b'fhéidir go mbeadh deis ann. Cá mhéad? Agus an mbeadh taispeántas ann? Bheadh, agus, chuir muid le chéile an taispeántas agus tá sé anseo againn. Is ealaíontóir iontach mór le rá é an fear seo. Bhí an-chuid samhlaíochta aige, an-smaointí aige agus rinne sé na híomhánna seo an-aisteach ar fad. Tá siad barrúil, tá siad áiféiseach, tá siad iontach ar fad. Bhí tionchar an-mhór aige ar mhéid** iontach mór ealaíontóirí i rith an chéid deiridh, agus fós go dtí seo, agus aisteach go leor cuireann daoine óga an-suim go deo i saothar an ealaíontóra seo.

Tom Kenny, Stiúrthóir, Dánlann Uí Chionnaith, ag labhairt ansin.

**obair* a deirtear
***méid* a deirtear